

Gaelscoil an Inbhir Mhóir

Bóthar Emoclew,
An t-Inbhear Mór,
Co. Chill Mhantáin.



POLASAÍ BÍ CINEÁLTA

Leagan:	3.2
Dáta daingnithe:	19 Bealtaine 2026
Dáta Athbhreithnithe:	Bealtaine 2027

Réamhrá

1.1 I gcomhréir le riachtanais an Acht Oideachais (Leas) 2000 agus na dtreoirínte faoi chód iompair a d'eisigh an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais tá an beartas frithbhulaíochta seo a leanas glactha ag Bord Bainistíochta Gaelscoil an Inbhir Mhóir mar chuid de chód iompair iomlán na scoile.

1.2. Is athdhréachtú iomlán é seo ar an bpolasaí frithbhulaíochta a bhí i bhfeidhm roimhe seo, agus tá sé forbartha tar éis comhairliúcháin a dhéanamh le daltaí, tuistí agus baill foirne na scoile.

Bunús

2.1 Ghlac Bord Bainistíochta Gaelscoil an Inbhir Mhóir leis an bpolasaí seo a leanas chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

2.2 Comhlíonann an polasaí seo go hiomlán ceanglais Bí Cineálta: Nósanna imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna (2024).

2.3 Aithníonn an Bord Bainistíochta go gcuireann iompraíocht bhulaíochta as do chearta an linbh mar a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Tá freagracht orainn go léir, mar phobal scoile, oibriú le chéile chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi agus chun déileáil leis an tionchar diúltach a bhíonn ag iompraíocht bhulaíochta.

2.4 Táimid tiomanta do chinntiú go gcoinnítear gach scoláire a fhreastalaíonn ar ár scoil saor ó dhíobháil agus go bhfuil folláine ár scoláirí chun tosaigh i ngach rud atá á dhéanamh againn. Aithnímid an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag iompraíocht bhulaíochta ar shaol ár scoláirí agus táimid tiomanta go hiomlán d'iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

2.5 Deimhnímid go ndéanfaimid, i gcomhréir lenár n-oibleagáidí faoi reachtaíocht chomhionannais, gach beart atá indéanta de réir réasúin chun ciapadh scoláirí nó baill foirne a chosc ar aon cheann de na naoi bhforas a shonraítear: inscne, stádas sibhialta, stádas clainne, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus a bheith mar bhall den Lucht Siúil.

Gaelscoil an Inbhir Mhóir

Bóthar Emoclew,
An t-Inbhear Mór,
Co. Chill Mhantáin.



2.6 Glacann Gaelscoil an Inbhir Mhóir freisin le moltaí na Roinne Oideachais sa cháipéis Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht (2022) agus le naoi gcomhpháirt an Cur Chuige Oideachais Uile de chuid an EOECA (2021) chun bulaíocht a chosc agus le dul in ngleic léi. Tá ocht de na comhpháirteanna sin bunaithe go díreach sna scoileanna:

- Oiliúint & tacaíocht do mhúinteoirí atá ag dul i ngleic le bulaíocht & bainistíocht ranga atá scoláire-lárnach & comhbhách.
- Curaclam, foghlaim & teagasc chun timpeallacht scoile atá comhbhách a chur chun cinn.
- Timpeallacht shíceolaíoch agus fhisiciúil atá sábháilte sa scoil agus sa seomra ranga.
- Córais tuairiscithe do scoláirí a bhfuil an bhulaíocht ag cur as dóibh, chomh maith le seirbhísí tacaíochta & atreoraithe.
- Na páirtithe leasmhara go léir a bheith páirteach i bpobal na scoile, tuistí san áireamh.
- Cumasú & rannpháirtíocht scoláirí.
- Comhoibriú & comhpháirtíocht idir earnáil an oideachais & réimse leathan comhpháirtithe.
- Fianaise: monatóireacht ar bhulaíocht scoile & measúnú ar fhreagairt

Sainmhíniú agus Ról

3.1 Tugtar sainmhíniú ar an mbulaíocht in Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht agus Bí Cineálta: Nósanna imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i ngleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna (2024) mar iompraíocht spriocdhírithe, ar líne nó as líne a dhéanann dochar. D'fhéadfadh an dochar a dhéantar a bheith fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach. Leanann iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh thar thréimhse ama agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist ann sa chaidreamh idir beirt nó grúpaí daoine sa tsochaí. Tugtar an sainmhíniú mionsonraithe i gCaibidil 2 de ghnásanna Bí Cineálta.

3.2 Chun go mbeadh iompar bulaíochta i gceist caithfidh an iompar dochrach neamh-iarrtha a bheith:

1. spriocdhírithe;
2. d'aon ghnó; agus
3. leantach .i. ag tarlú arís is arís eile.

3.3 Tá gach ball foirne freagrach as iompar bulaíochta nó iompar bulaíochta amhrasta a thuairisc don mhúinteoir ranga nó don phríomhoide.

Gaelscoil an Inbhir Mhóir

Bóthar Emoclew,
An t-Inbhear Mór,
Co. Chill Mhantáin.



3.4 Féadfaidh dalta nó tuistí/caomhnóirí ar bith eachtraí bulaíochta a chur in iúl do mhúinteoirí ar bith sa scoil. Fiosróidh agus láimhseálfaidh an múinteoir ábhartha gach tuairisc, ina measc tuairiscí anaithnide.

Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc

4.1 Mar chuid de chur chuige na scoile tuiscint a chothú i bpobal na scoile faoin rud is bulaíocht inti agus faoin tionchar is féidir a bheith aici, múinfear na cláir a leanas mar chuid den churaclam OSPS:

- Bí Sábháilte – múintear é seo i dtéarma 1 chuile bhliain
- Clár Oideachas Caidrimh & Gnéasachta (OCG) – múintear é seo i dtéarma 2 chuile bhliain
- Misneach – múintear é seo i dtéarma 3 chuile bhliain
- LEANS – múintear tuiscint ar an néar-éagsúlacht do dhaltaí Rang 3 – Rang 6 chuile bhliain

Tá sonraí na gclár seo ar fáil sa phlean scoile Oideachas Sóisialta Pearsanta & Sláinte (OSPS).

4.2 Fáilteofar roimh aoichainteoirí chun ceachtanna a mhúineadh do dhaltaí maidir le sábháilteacht ar-líne agus cibearbhulaíocht go rialta; m.sh An Garda Síochána, Zeeko, agus a leithéid. Tabharfar deiseanna don fhoireann agus do thuismitheoirí / caomhnóirí oiliúint agus traenáil a fháil ó na haoichainteoirí seo freisin ar mhaithe le feachtas phobail na scoile uilig ar an mbulaíocht agus ar an dochar a dhéanann sé a fhorbairt.

4.3 Spreagfar cultúr insinte sa scoil ina bhfuil béim faoi leith ar thábhacht na bhfinnéithe. Ar an gcaoi sin beidh muinín ag daltaí as a bheith ag insint. Tá gné seo na muiníne ríthábhachtach. Ba chóir a chur in iúl go soiléir do gach dalta agus iad ag tuairisciú eachtraí bulaíochta nach ag insint ná ag sceitheadh atá siad ach ag gníomhú go freagrach.

4.4 Deimhníonn an Bord Bainistíochta go ndéanfaidh an scoil, de réir a oibleagáidí faoin reachtaíocht chomhionannais, gach beart is indéanta go praiticiúil chun daltaí agus baill foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach agus ar chiapadh ar aon cheann de na naoi bhforas, mar atá inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

4.5 Glacfaidh an scoil páirt in ócáidí agus i bhfeachtais náisiúnta dírithe ar chineálacha éagsúla bulaíochta a chosc cosúil le Show Racism the Red Card, yellowflag.ie agus a leithéid chun ilchineálacht agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn i measc pobail na scoile.

Gaelscoil an Inbhir Mhóir

Bóthar Emoclew,
An t-Inbhear Mór,
Co. Chill Mhantáin.



4.6 Beidh leagan den pholasáí Bí Cineálta seo atá in oiriúint do scoláirí cruthaithe agus léirithe ar fud na scoile a dhíreoidh ar na bun-teachtaireachtaí thíos.

- Sain-thré na bulaíochta: spriocdhírithe, d'aon ghnó & leantach
- An tábhacht a bhaineann le gníomhú nuair a aithníonn tú bulaíocht ort féin nó ar dhuine eile
- Daoine fásta iontaofa a insint
- Cád iad na céimeanna a ghlacfar nuair a aithnítear go bhfuil bulaíocht ar siúl.
Déanfar an leagan seo a fhorbairt chuile bhliain le cabhair ó choiste na ndaltaí agus scaipfear go forleathan ar fud na scoile é. Déanfar plé air agus na múinteoirí ag múineadh faoin mbulaíocht sna cláir a leagtar amach i mír 4.1 thuas.

Gnásanna chun Iompar Bulaíochta a Imscrúdú agus Déileáil leis

5.1 Tá dualgas ar chuile ball de phobal na scoile iompar bulaíochta nó iompar bulaíochta amhrasta a thuairisciú.

5.2 Is ar an múinteoir ranga ar an gcéad dul síos atá an dualgas freagairt d'aon iompar bulaíochta a dhéantar ar pháistí ar ranga, nó atá á dhéanamh ag páistí a ranga, nuair atá na páistí faoi chúram nó faoi freagracht na scoile. Níl sé i gceist go mbeadh múinteoirí ag déileáil le hiompraíocht bhulaíochta i láithreacha eile.

5.3 Beidh sé mar phríomhaidhm an mhúinteora agus aghaidh á tabhairt acu ar thuairiscí ar iompraíocht bhulaíochta, stop a chur leis hiompar bulaíochta agus, a oiread agus is féidir, an caidreamh idir na scoláirí atá i gceist a athbhunú agus tacú leo teacht aniar ó thionchar bulaíochta, seachas an milleán a chur.

5.4 Ba chóir don mhúinteoir labhairt leis na páistí ábhartha ina n-aonar ar dtús, ach lasmuigh den seomra ranga, ar mhaithe le príobháideacht na bpaistí ar fad a chinntiú. I measc na páistí ábhartha d'fhéadfadh na páistí atá thíos leis an iompar, na páistí atá i mbun an iompair agus aon pháistí eile d'fhéadfadh a bheith mar fhinnéithe ar an iompar a bheith san áireamh.

5.5 Tar éis cloisteáil ó na páistí ar fad ina haonar, ba chóir bualadh le gach páiste mar ghrúpa agus ba chóir go n-iarrfaí ar gach scoláire a c(h)untas féin ar ar tharla a thabhairt lena cinntiú go bhfuil gach duine sa ghrúpa soiléir faoi thuairimí a chéile.

Gaelscoil an Inbhir Mhóir

Bóthar Emoclew,
An t-Inbhear Mór,
Co. Chill Mhantáin.



5.6 Tar éis an scéal ar fad a bheith fiosruithe ag an múinteoir ranga, déanfaidh siad cinneadh faoi an raibh nó nach raibh iompar bulaíochta i gceist. Chun bulaíocht a bheith i gceist caithfear freagra dearfach a bheith ar an trí cheist a leagtar amach i mír 3.2 (thuas). Más rud é go gcinneann an múinteoir nach raibh an iompar dírithe ar dhuine nó ar dhaoine, nó nach raibh sé déanta d'aon ghnó chun dochar a dhéanamh, nó nár tharla sé go leantach arís is arís eile, déanfar an cinneadh nach bulaíocht atá ann, ach d'fhéadfaí fós an iompar a mheas i gcomhthéacs Cód Iompair na scoile in ionad an polasaí Bí Cineálta seo.

5.6.1 Tá eisceacht ann maidir le hiompar neamh-iarrtha ar-líne sa chaoi is go bhféadfaí eachtra aon uaire a mheas mar bulaíocht i gcás go scaiptear an teachtaireacht ghoilliúnach arís is arís eile, nó fiú sa chás gur dócha go dtarlódh a leithéid.

5.7 I gcás go ndéantar an cinneadh gur tharla iompar bulaíochta ba chóir dul i dteagmháil le tuistí na páistí atá i gceist go luath chun iad a chur ar an eolas faoin gcás agus chun dul i gcomhairle leo maidir leis na gníomhaíochtaí atá le déanamh chun dul i ngleic leis an iompar.

5.8 Ba chóir freisin dul i dteagmháil leis an príomhoide len iad a chur ar an eolas agus chun an taifead bulaíochta a oscailt.

5.9 Ba chóir go mbeadh tuairimí na scoláirí agus a dtuistí maidir leis na gníomhaíochtaí atá le déanamh chun dul i ngleic leis an iompar bulaíochta san áireamh sa taifead. Ba chóir go mbeadh taifead ann freisin ar an athbhreithniú le scoláirí agus a dtuistí chun a chinneadh an bhfuil deireadh leis an iompar agus tuairimí na scoláirí agus a dtuistí ina leith sin. Ba cheart freisin dáta gach ceann de na teagmhálacha seo a thaifeadadh agus an dáta ar cinneadh go bhfuil deireadh tagtha leis an iompar bulaíochta.

5.10 Tar éis don taifead bulaíochta a bheith oscailte ba chóir tréimhse 20 lá scoile feitheoireachta a dhéanamh chun éifeacht na straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis an iompar a mheas. Ansin ba chóir don mhúinteoir athbhreithniú a dhéanamh leis na páistí agus lena dtuistí lena fháil amach an bhfuil deireadh tagtha leis an iompar bulaíochta agus tuairimí na scoláirí agus na dtuistí ina leith sin. Mura bhfuil deireadh tagtha leis an iompar bulaíochta ba chóir don mhúinteoir athbhreithniú a dhéanamh ar na straitéisí agus amlíne a aontú le haghaidh tuilleadh plé go dtí go dtiocfaidh deireadh leis an iompar bulaíochta.

5.11 I gcás go bhfuil an páiste a bhfuil an iompar bulaíochta á léiriú acu ag leanúint leis an iompar bulaíochta, d'fhéadfadh gá a bheith leis an cas a phlé faoi réir mír 6.8 & 6.9 de Chód Iompair na scoile. Má chuimhnítear ar smachtbhannaí a ghearradh, is ceist é sin idir an scoláire ábhartha, a t(h)uistí agus an scoil.

5.12 I gcásanna tromchúiseacha, d'fhéadfadh ball foirne ábhair imní cosaint leanaí ag éirí as iompraíocht bhulaíochta líomhnaithe i measc daltaí a fhógairt don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) nó don Leas-DIA agus de réir an Pholasaí um Chosaint Leanaí agus tuairisceofar na cásanna seo don Bhord Bainistíochta sa Tuairisc Maoirseacht Cosaint Leanaí.

Gaelscoil an Inbhir Mhóir

Bóthar Emoclew,
An t-Inbhear Mór,
Co. Chill Mhantáin.



5.12.1 An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) ná: **Cian Ó Cuanacháin.**

5.12.2 An Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (Leas DIA) ná: **Fianait Uí Ghliasáin.**

5.13 I gcásanna áirithe, féadfar iompraíocht bhulaíochta a mheas mar iompraíocht choiriúil agus d'fhéadfadh feidhm a bheith le hiarmhairtí dlí. Is é 12 bhliain aois na freagrachta coiriúla in Éirinn.

5.14 Mura bhfuil tuistí sásta leis an gcaoi a ndeachaigh an scoil i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta, de réir Nósanna Imeachta Bí Cineálta Chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna (2024), is féidir leo gearán a dhéanamh leis an príomhoide ionas go n-ardófaí an cas os comhair an Bord Bainistíochta.

5.15 Má tá tuistí míshásta leis an gcaoi a ndeachaigh an scoil i ngleic leis an iompar bulaíochta, d'fhéadfaidís gearán a dhéanamh leis an Ombudsman do Leanaí má chreideann siad go raibh tionchar diúltach ag gníomhaíochtaí na scoile ar an páiste.

Maoirseacht

6.1 Déanfar tuairisciú gach cruinniú den Bhord Bainistíochta ar an líon cásanna bulaíochta in a raibh gá taifid a dhéanamh orthu agus deimhneofar go bhfuil gach cas acu réitithe nó á réitiú de réir gnásanna an pholasaí mar a leagtar amach thuas.

6.2 Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú bliantúil ar an bpolasaí seo de réir Aguisín E Nósanna Imeachta Bí Cineálta Chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna (2024), agus foilseofar fógra gur athbhreithníodh beartas frithbhulaíochta na scoile ag úsáid an teimpléad in Aguisín F.

6.3 Tá an polasaí seo curtha ar fáil do gach ball foirne na scoile, do Chumann na dTuistí agus tá teacht éasca air do thuismitheoirí ach é a iarraidh. Déanfar cóip den pholasaí seo chur ar fáil don Phátrún agus don Roinn má iarrtar.

Sínithe:

Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta.

Dáta: 19.05.26

Sínithe:

Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bhainistíochta.

Dáta: 19.05.26

Gaelscoil an Inbhir Mhóir

Bóthar Emoclew,
An t-Inbhear Mór,
Co. Chill Mhantáin.



BÍ CINEÁLTA POLICY

Version:	3.2
Ratification date:	19 May 2026
Review date:	May 2027

Introduction

1.1 In accordance with the requirements of the Education (Welfare) Act 2000 and the code of behaviour guidelines issued by the National Educational Welfare Board, the Board of Management of Gaelscoil an Inbhir Mhóir has adopted the following anti-bullying policy within the framework of the school's overall code of behaviour.

1.2. This is a complete redraft of the previous Anti-bullying Policy and it has been developed following consultation with pupils, parents and school staff.

Rationale

2.1 The Board of Management of Gaelscoil an Inbhir Mhóir has adopted the following policy in order to prevent and deal with bullying behaviour.

2.2 This policy complies in its entirety with Bí Cineálta: Procedures to Prevent and Address Bullying Behaviour for Primary and PostPrimary Schools (2024).

2.3 The Board of Management recognises that bullying interferes with the rights of the child as set out in the United Nations Convention on the Rights of the Child. We are all responsible as members of the school community for working together to prevent and deal with bullying behaviour and to address the negative effects of bullying behaviour.

2.4 We are committed to ensuring that all students who attend our school are kept safe from harm and that the wellbeing of our students is at the forefront of everything that we do. We recognise the negative impact that bullying behaviour can have on the lives of our students and we are fully committed to preventing and addressing bullying behaviour.

Gaelscoil an Inbhir Mhóir

Bóthar Emoclew,
An t-Inbhear Mór,
Co. Chill Mhantáin.



2.5 We confirm that we will, in accordance with our obligations under equality legislation, take all such steps that are reasonably practicable to prevent the harassment of students or staff on any of the nine grounds specified: gender, civil status, family status, sexual orientation, religion, age, disability, race and membership of the Traveller community.

2.6 Gaelscoil an Inbhir Mhóir also accepts the recommendations of the Department of Education from the publication *Cineáltas: Action Plan on Bullying (2022)* and with the nine components of UNESCO's Whole Education Approach to Prevent and Address Bullying (2021). Eight of those components are specifically school based:

- Training & support for teachers addressing bullying and student-centred & caring classroom management.
- Curriculum, learning & teaching to promote a caring school climate.
- Safe psychological & physical school & classroom environment.
- Reporting mechanisms for student affected by bullying, together with support & referral services.
- Involvement of all stakeholders in the school community, including parents.
- Student empowerment & participation.
- Collaboration & partnerships between the education sector & a range of partners.
- Evidence: monitoring of school bullying & evaluation of responses.

Definitions and Roles

3.1 Bullying is defined in *Cineáltas: Action Plan on Bullying* and *Bí Cineálta: Procedures to Prevent and Address Bullying Behaviour for Primary and Post-Primary Schools* as targeted behaviour, online or offline that causes harm. The harm caused can be physical, social and/or emotional in nature. Bullying behaviour is repeated over time and involves an imbalance of power in relationships between two people or groups of people in society. The detailed definition is provided in Chapter 2 of the *Bí Cineálta* procedures.

3.2 For the negative unwanted behaviour to be considered bullying, it must be:

1. targeted;
2. deliberate; and
3. repeated i.e. occurring over and over

Gaelscoil an Inbhir Mhóir

Bóthar Emoclew,
An t-Inbhear Mór,
Co. Chill Mhantáin.



3.3 Every staff member is responsible for reporting bullying behaviour or suspected bullying behaviour to the class teacher or to the príomhoide.

3.4 Any pupil or parent(s)/guardian(s) may bring a bullying incident to any teacher in the school. All reports, including anonymous reports of bullying, will be investigated and dealt with by the relevant teacher.

Preventing Bullying Behaviour

4.1 As part of the whole school approach to promoting a shared understanding of what bullying is and its impact, the following programmes will be taught as part of the SPHE curriculum:

- Stay Safe – this is taught every year in the 1st term.
- The Relationships & Sexuality Education (RSE) Programme – this is taught every year in the 2nd term.
- Walk Tall – this is taught every year in the 3rd term.
- LEANS – children from Rang 3 to Rang 6 are taught an understanding of neurodiversity every year

The details of these programmes are available in the SPHE School Plan.

4.2 Guest speakers will be welcomed to the school to teach lessons to pupils regarding online safety and cyberbullying on a regular basis; e.g An Garda Síochána, Zeeko, and similar. Opportunities will be afforded to staff and parents/guardians to receive training and from these guest speakers in the interest of developing a knowledge in the whole school community of bullying and the damage it does.

4.3 Encourage a culture of telling, with particular emphasis on the importance of bystanders. In that way pupils will gain confidence in reporting. It should be made clear to all pupils that when they report incidents of bullying they are not considered to be telling tales but are behaving responsibly.

4.4 The Board of Management confirms that the school will, in accordance with its obligations under equality legislation, take all such steps that are reasonably practicable to prevent the sexual harassment of pupils or staff or the harassment of pupils or staff on any of the nine grounds specified i.e. gender including transgender, civil status, family status, sexual orientation, religion, age, disability, race and membership of the Traveller community.

Gaelscoil an Inbhir Mhóir

Bóthar Emoclew,
An t-Inbhear Mór,
Co. Chill Mhantáin.



4.5 The school will participate in national events and campaigns that address bullying such as Show Racism the Red Card, yellowflag.ie and similar to promote inclusion and diversity in the school community.

4.6 A pupil accessible version of this policy will be developed and displayed throughout the school focussing on the following key messages:

- The three key elements of bullying: targeted, deliberate and repeated
- the importance of acting when you recognised bullying of yourself or of others
- telling trusted adults
- what steps will be taken when bullying is identified

This version will be developed every year with the assistance of the student committee and will be distributed throughout the school. It will be discussed while the teachers are teaching about bullying in the programmes as listed in section 4.1 above.

Procedures for Investigating and Dealing with Bullying Behaviour

5.1 Every member of the school community has a responsibility to report bullying behaviour or suspected bullying behaviour.

5.2 It is the class teacher in the first instance who has the responsibility to respond to any bullying behaviour whether done by or to children in their class, while those children are in the care or under the responsibility of the school.

5.3 The primary aim of the teacher in addressing reports of bullying behaviour should be to stop any bullying behaviour and to restore, as far as is practicable, the relationships of the parties involved, and to support them to recover from the effects of any bullying, rather than apportioning blame.

5.4 Each involved child should be engaged with individually at first, but outside the classroom in the interests of preserving the privacy of all concerned. The children suffering the behaviour, the children engaged in the behaviour and any other children that might be witnesses to the behaviour could be included in those involved.

Gaelscoil an Inbhir Mhóir

Bóthar Emoclew,
An t-Inbhear Mór,
Co. Chill Mhantáin.



5.5 After hearing from each child individually all students involved should be met as a group and each student should be asked for their account of what happened to ensure that everyone in the group is clear about one another's views.

5.6 After having investigated the whole story the class teacher will make a determination on whether or not bullying has occurred. For bullying to be identified there must be an affirmative answer to the three questions outlined in section 3.2 (above). If the teacher decides that the behaviour was not targeted against a person or people, or was not intentionally harmful, or did not occur repeatedly, then they will conclude that the behaviour did not constitute bullying, but the behaviour may still be considered in the context of the school's Code of Behaviour as opposed to this Bí Cineálta policy.

5.6.1 There is an exception for unwanted behaviour online inasmuch as oneoff incidents may be considered bullying where a single hurtful message has a likelihood of being shared multiple times online.

5.7 Where bullying behaviour has occurred, the parents of the students involved must be contacted at an early stage to inform them of the matter and to consult with them on the actions to be taken to address the behaviour.

5.8 The príomhoide should also be informed so that they might open the taifead bulaíochta (bullying record).

5.9 The record should include the views of the students and their parents regarding the actions to be taken to address the bullying behaviour. There should also be a record of the review with students and their parents to determine if the bullying behaviour has ceased and the views of students and their parents in relation to this. The date that it has been determined that the bullying behaviour has ceased should also be recorded

5.10 After the taifead bulaíochta (bullying record) having been opened there should be a 20 day (school days) period of monitoring to assess the effectiveness of the strategies used to address the bullying behaviour. Then the teacher should document the review with students and their parents to determine if the bullying behaviour has ceased and the views of students and their parents in relation to this. If the bullying behaviour has not ceased the teacher should review the strategies used in consultation with the students involved and their parents. A timeframe should be agreed for further engagement until the bullying behaviour has ceased.

5.11 In the case where a child engaged in the bullying behaviour continues to do so, it may be necessary to consider the case in the context of sections 6.8 & 6.9 of the school's Code of Behaviour. If sanctions are to be imposed this is a matter for the child themselves, their parents and the school.

Gaelscoil an Inbhir Mhóir

Bóthar Emoclew,
An t-Inbhear Mór,
Co. Chill Mhantáin.



5.12 In serious cases, a staff member may report a child protection concern arising from bullying behaviour to the Designated Liaison Person (DLP) or to the Deputy DLP and in accordance with the Child Protection Policy such cases will be reported to the Board or Management as part of the Child Protection Oversight Report.

5.12.1 The Designated Liaison Person (DLP) is: **Cian Ó Cuanacháin.**

5.12.2 The Deputy Designated Liaison Person (Deputy DLP) is: **Fianait Uí Ghliasáin.**

5.13 Bullying behaviour can be considered criminal behaviour under certain circumstances and legal consequences can apply. The age of criminal responsibility in Ireland is 12 years.

5.14 If parents are not satisfied with how the bullying behaviour has been addressed by the school, in accordance with the Bí Cineálta Procedures to Prevent and Address Bullying Behaviour for Primary and Post-Primary Schools (2024), they may register a complaint with príomhoide so that the case may be brought before the Board of Management.

5.15 If a parent is dissatisfied with how a complaint has been handled, they may make a complaint to the Ombudsman for Children if they believe that the school's actions have had a negative effect on the student.

Oversight

6.1 A report will be made at each Board of Management meeting setting out the number of bullying cases that had to be recorded and confirming that all of these cases have been resolved or are being resolved in accordance with the Anti-Bullying Procedures outlined in this policy.

6.2 The Board of Management must undertake an annual review of the school's anti-bullying policy and its implementation by the school in accordance with Appendix E of Bí Cineálta: Procedures to Prevent and Address Bullying Behaviour for Primary and PostPrimary Schools (2024), and a notice will be published that the school's anti-bullying policy has been reviewed using the template in Appendix F.

6.3 This policy has been made available to all school personnel, published on the school website, provided to the Parent-Teacher Association and is available to parents on request. A copy of this policy will be made available to the Department and the patron if requested.

Aguisín F

Fógra faoi athbhreithniú bliantúil an Bhoird Bainistíochta ar Pholasáí Bí Cineálta na scoile

Deimhníonn Bord Bainistíochta Ghaelscoil an Inbhir Mhóir go ndearnadh athbhreithniú bliantúil an Bhoird Bainistíochta ar Pholasáí Bí Cineálta na scoile chun lomptraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi agus ar a chur i bhfeidhm ag cruinniú an Bhoird Bainistíochta ar 19.05.26 [dáta].

Rinneadh an t-athbhreithniú seo i gcomhréir leis na ceanglais in *Bí Cineálta: Nósanna imeachta chun lomptraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna* ón Roinn Oideachais.

Sínithe: 

(Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta)

Dáta: 19.05.26

Sínithe: 

(Príomhoide)

Dáta: 19.05.26

Dáta don chéad athbhreithniú eile: Bealtaine 2027